Maynooth University Governing Authority
Údarás Rialaithe Ollscoil Mhá Nuad

Maynooth University
National University of Ireland Maynooth




PACA EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ AR SPÉIS LEO IARRATAS A DHÉANAMH GO NDÉANFAR **BAILL DEN ÚDARÁS RIALAITHE** DÍOBH

## 1. OLLSCOIL MHÁ NUAD

Institiúid a aithnítear go hidirnáisiúnta í Ollscoil Mhá Nuad (OMN) agus is í an Ollscoil is tapúla fáis sa tír. Ceann amháin de chomhollscoileanna Ollscoil Náisiúnta na hÉireann is ea OMN agus bhain sé áit amach i measc na 90 Ollscoil is fearr i Rangú Ollscoileanna Young University Rankings de chuid Times Higher Education.

Bunaíodh OMN go foirmiúil mar ollscoil uathrialaitheach in 1997. Ach gabhann a bhunúis siar, mar sin féin, go dtí gur bunaíodh Coláiste Ríoga Phádraig in 1795, a bhí spreagtha ag oidhreacht ina bhfuil fad breis agus 200 bliain den oideachas agus den scoláireacht. Tá fás tagtha ar an líon mac léinn atá ag freastal ar an Ollscoil aníos ó 982 mac léinn in 1980 go dtí 16,110 mac léinn in 2023/24. Tá breis agus 1,300 ball foirne in Ollscoil Mhá Nuad, ar foireann acadúil 560 díobh. Áit í Ollscoil Mhá Nuad i láthair na huaire ina bhfuil codarsnachtaí bríomhara – is institiúid í atá nua-aimseartha agus dinimiciúil, atá ag fás go mear, ina ndéantar diantaighde agus atá tiomanta – ach tá sí fréamhaithe go daingean mar sin féin i láidreachtaí acadúla stairiúla agus i dtraidisiúin léannta. Tá breis agus 16,000 mac léinn san Ollscoil, breis agus 1,800 iarchéimí atá á múineadh agus 530 iarchéimí taighde ó bhreis agus 90 tír, agus cuirtear réimse clár ar fáil i Má Nuad ar leibhéal fochéime, iarchéime agus dochtúireachta sna daonnachtaí, eolaíocht agus innealtóireacht, agus eolaíochtaí sóisialta, gnó, dlí, agus oideachas ina measc. Cuirtear réimse clár agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ar fáil san Ollscoil chomh maith.

Cothaítear i gcultúr faoi leith coláisteach Ollscoil Mhá Nuad cur chuige idirdhisciplíneach i leith taighde, a gcuireann a hacadóirí den chéad scoth i ngníomh agus iad ag dul i ngleic le cuid de na dúshláin is bunúsaí atá roimh an tsochaí inniu. Déantar an tionchar seo a chomhdhlúthú agus a sholáthar in institiúidí agus in ionaid taighde na hOllscoile mar phobail bheoga foghlama, fiosraithe agus chruthaithe. Tá páirt an-lárnach ag an taighde ag Má Nuad sa teagasc a dhéantar ann agus ábhar bróid don Ollscoil go léirítear an luach céanna ar a misin taighde agus teagaisc.



## 2. PRIONSABAIL AGUS LUACHANNA

Tá Ollscoil Mhá tiomanta do na luachanna seo a leanas:

- **Ionracas:** Gníomhaímid le hionracas ar mhaithe le sárleas ár nOllscoile.
- **Coláisteacht:** Pobal coláisteach sinn a bhfuil cuspóir comhroinnte againn a dtugaimid faoi le hionbhá, meas agus éiteas cúraim.
- **Freagracht:** Pobal sinn ina bhfuil ar ár gcumas againn aire a thabhairt do agus freagracht a ghlacadh as ár ngníomhartha aonair agus dár/as ár gcomhghníomhartha i dtimpeallacht oscailte agus thrédhearcach.
- **Saoirse Tuairimíochta:** Fiosraímid agus nochtaimid smaointe gan srian, le cúirtéis agus le freagracht.
- **Uaillmhian:** Tá meon uaillmhianach, solúbtha agus nuálach againn nuair a lorgaítear deiseanna agus nuair a bhítear ag freagairt ar dhúshláin.

## 3. PLEAN STRAITÉISEACH 2023-2028

Cuirtear i bPlean Straitéiseach na hOllscoile 2023-2028 le hoidhreacht shaibhir agus le stair fhada shármhaitheasa acadúla ag Má Nuad, agus bogtar chun cinn le muinín agus treo na hOllscoile amach anseo á chothú le soiléireacht agus le díriú, agus le fís shoiléir mar ollscoil sármhaitheasa, deise agus tionchair.

Dírítear inár straitéis ar na nithe seo a leanas:

- aschur agus tionchair thaighde a fhorbairt ar fud na hOllscoile, tacú le gairm bheatha an taighdeora a fhorbairt, agus ar an sprioc go ndéanfar ceannairí domhanda dínn inár n-eiseamláirí roghnaithe sármhaitheasa taighde.
- eispéireas na mac léinn trí chéile a fheabhsú, tacú le beatha agus le háiseanna na mac léinn a fhorbairt, agus a chinntiú go mbaineann mic léinn a gcáilíocht amach agus scileanna gnóthaithe acu atá dírithe ar an todhchaí.
- roghanna curaclaim solúbtha agus ó thaithí a sholáthar laistigh dár bportfóilió clár, agus borradh suntasach agus inbhuanaithe a bhaint amach i measc mic léinn iarchéime agus idirnáisiúnta.
- Scoil Sláinte agus Mhíochaine agus Ionad Sármhaitheasa Náisiúnta don Ardoideachas Ionchuimsitheach a bhunú.
- obair i gcomhar leis an bhfoireann chun tacú le forbairt gairme beatha agus tiomantas leanúnach againn don chomhionannas agus don éagsúlacht.
- rannpháirtíocht idirnáisiúnta a chumasú agus príomh-chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú.
- tacú le rannpháirtíocht agus le comhpháirtíochtaí láidre agus comhthairbhiúla le páirtithe leasmhara ó gach earnáil.
- an inbhuanaitheacht a leabú mar phrionsabal treorach agus feabhas á chur ar an mbonneagar fisiciúil agus digiteach.
- barr feabhais a chur ar thuairisciú agus ar anailís sonraí a chomhordú, bonneagair oibríochtúla a athnuachan ina dtugtar tús áite do chúrsaí digiteacha, agus leanúint le dea-rialachas a leabú ar fud na hOllscoile.
- acmhainn airgeadais a chruthú chun infheistiú go straitéiseach agus bainistiú éifeachtach acmhainní a chumasú.

Tá ceithre phríomh-mhír sa Phlean Straitéiseach, a ngabhann sprioc ar leith le gach ceann:

- **Taighde agus Tionchar:** Is í ár sprioc go n-aithneofar sinn i ngeall ar shármhaitheas agus ar thionchar ár dtaighde
- **Mic Léinn agus Foghlaim:** Is í ár sprioc go gcruthóimid timpeallacht foghlama dhinimiciúil, fhreagrúil agus ionchuimsitheach, i gcomhar lenár mic léinn, ina soláthraímid oideachas sármhaith agus claochlaitheach a chuireann ar chumas ár gcéimithe cur leis an tsochaí ar bhealach a imríonn tionchar.
- **Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíochtaí:** Is í ár sprioc go ndéanfaimid comhpháirtíochtaí comhthairbhiúla a fhás agus a ghiaráil chun tacú lenár gcuspóirí straitéiseacha.
- **Idirnáisiúnú:** Is í ár sprioc go ndéanfaimid ár ndaonra mac léinn agus ár gcampas a idirnáisiúnú, fairsingeoimid agus éagsúlóimid ár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha, agus éascóimid deiseanna idirnáisiúnta do chách, chun tacú le cuspóirí na hOllscoile.

Tá cúig phríomhchumasóir mar bhonn agus taca leis na míreanna seo: (i) Daoine agus Cultúr; (ii) Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú; (iii) Bonneagar agus Inbhuanaitheacht, (iv) Rialachas, Cáilíocht agus Sármhaitheas Oibríochtúil, agus (v) Fóntacht Airgeadais.

<table>
<tr><td colspan="5">Spléachadh ar an bPlean Straitéiseach</td></tr>
<tr><td colspan="5">Ár nDíriú Cúig Bliana</td></tr>
<tr><td colspan="2">Taighde agus Tionchar</td><td colspan="2">Ár gCuspóir<br>Todhchaí níos fearr do chách a shamhlú agus a chruthú.</td><td>Mic Léinn agus Foghlaim</td></tr>
<tr><td colspan="3">Rannphháirtíocht agus Comhpháirtíochtaí</td><td colspan="2">Idirnáisiúnú</td></tr>
<tr><td>Daoine agus Cultúr</td><td>Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI)</td><td>Bonneagar agus Inbhuanaitheacht</td><td>Rialachas, Cáilíocht agus Sármhaitheas Oibríochtúil</td><td>Fóntacht Airgeadais</td></tr>
<tr><td colspan="5">Ár bPríomhchumasóirí</td></tr>
</table>

Is féidir teacht ar an bPlean Straitéiseach anseo: Plean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad |

## 4. RIALACHAS

Ollscoil phoiblí Éireannach agus foras cáiliúcháin uathrialaitheach é OMN a aithnítear faoi Acht na nOllscoileanna, 1997. Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) an cistiú is mó ar fáil don Ollscoil agus tuairiscíonn sí go héifeachtach leis an Údarás sin trí Acht na nOllscoileanna, 1997 (arna leasú ag Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022) agus tríd an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Sainmhínítear struchtúir rialachais na hOllscoile in Acht na nOllscoileanna, 1997 (arna leasú), agus is é an tUachtarán Príomhoifigeach na hOllscoile.

## 5. AN tÚDARÁS RIALAITHE

Tá freagracht ar an Údarás Rialaithe as treoir straitéiseach na hOllscoile, as a hioncam agus a réadmhaoin a bhainistiú agus a riar, agus as tabhairt faoina gnóthaí go ginearálta. Tá freagracht ar an Údarás Rialaithe as Uachtarán na hOllscoile a cheapadh i gcomhréir le Reachtanna na hOllscoile. Cuimsítear i sceideal ceisteanna, nach féidir ach leis an Údarás Rialaithe cinneadh a dhéanamh fúthu, tionscadail forbartha caipitil a cheadú, scéimeanna chun ardú céime a thabhairt don fhoireann acadúil agus riaracháin a cheadú, beartais na hOllscoile a cheadú agus na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus an Ráiteas Rialachais Bliantúil a cheadú.

Tá baill inmheánacha (foireann), mic léinn, agus baill sheachtracha san Údarás Rialaithe. Is gnách go gcasann sé ar a chéile sé huaire sa bhliain agus go gcuireann réimse coistí tuairiscí faoina bhráid. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca; an Coiste Airgeadais; an Coiste Acmhainní Daonna agus Forbartha Caipitil; an Coiste Cáilíochta agus an Coiste Comhionannais, Éagsúlachta, Ionchuimsithe agus Iidirchultúrachais. Déanann cathaoirleach seachtrach, nó an leas-chathaoirleach nuair atá sé/sí as láthair, cathaoirleacht ar an Údarás Rialaithe agus cloíonn sé leis an gCód Rialachais do Chomhlachtaí Stáit. Ceapadh an Dr Mary Canning mar Chathaoirleach an Údaráis Rialaithe go déanach in 2019 agus athcheapadh í i Samhain 2023.

Tá ballraíocht an Údaráis Rialaithe ar fáil anseo: Ballraíocht | Ollscoil Mhá Nuad

Is éagsúil a bhíonn fad chruinnithe an Údaráis Rialaithe, ag brath ar mhéid an chláir, ach d'fhéadfadh roinnt cruinnithe a bheith a fhaide le ceithre nó cúig huaire an chloig. Scaiptear páipéir go leictreonach ar bhaill seachtain roimh chruinnithe an Údaráis Rialaithe. Bíonn súil leis go léann baill na páipéir roimh an gcruinniú.

Bíonn súil leis go bhfreastalaíonn baill ar gach cruinniú an Údaráis Rialaithe. Bíonn ar bhaill an Údaráis Rialaithe go leor ama a chaitheamh agus ba cheart do dhuine ar bith ar spéis leo go ndéanfar ball den Údarás Rialaithe díobh é seo a chur san áireamh. Cuirtear oiliúint ionduchtúcháin ar fáil do gach ball nua den Údarás Rialaithe.

Tá ar gach ball den Údarás Rialaithe Cód iompair a shíniú lena ngeallann siad iompar eiticiúil agus freagrach a chur ar bun i rith a mballraíochta.

## 6. BUANCHOISTÍ AN ÚDARÁIS RIALAITHE

Tá sé Bhuanchoiste an Údaráis Rialaithe ann:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Coiste Gaeilge na hOllscoile
- An Coiste Comhionannais, Éagsúlachta, Ionchuimsithe agus Idirchultúrachais
- An Coiste Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Forbartha Caipitil
- An Coiste Cáilíochta
- An Coiste Luacha Saothair

Cé nach bhfuil sé éigeantach, spreagtar baill an Údaráis Rialaithe páirt a ghlacadh i gceann de na Buanchoistí. Casann an Coiste (seachas an Coiste Luacha Saothair, nach gcasann ar a chéile go minic agus ach amháin nuair is gá) ar a chéile ceithre nó cúig huaire sa bhliain. Is féidir teacht ar eolas breise ar gach Coiste anseo: Buanchoistí | Ollscoil Mhá Nuad

## 7. AN CHOMHAIRLE ACADÚIL

Díríonn an Chomhairle Acadúil ar ghnóthaí acadúla na hOllscoile, is é sin, an curaclam, agus an teagasc agus an t-oideachas a sholáthraítear san Ollscoil. Déanann an tUachtarán, nó ainmní, cathaoirleacht uirthi agus tá inti an Cláraitheoir/an Leas-Uachtarán Acadúil, an Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta, Leas-Uachtaráin eile, Déin Feidhmiúcháin, an Ceann Scoileanna agus Ranna, Leabharlannaí na hOllscoile agus ionadaithe ghráid uile na foirne acadúla, anuas ar mhic léinn.

## 8. FEIDHMEANNACHT NA hOLLSCOILE

Déanann an tUachtarán cathaoirleacht ar Fheidhmeannacht na hOllscoile agus is foireann ceannairí acadúla agus riaracháin atá inti a bhfuil mar chuspóir aici tacú leis an Uachtarán ina ról mar Phríomhoifigeach, trí chomhcheannaireacht agus trí chomhbhainistíocht do Phobal na hOllscoile a sholáthar. Cabhraíonn Feidhmeannacht na hOllscoile leis an Uachtarán chun Plean Straitéiseach na hOllscoile a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú, agus chun gníomhaíochtaí acadúla, riaracháin, airgeadais agus eile na hOllscoile a bhainistiú.

## 9. COIMHLINTÍ LEASA

Tá ar bhaill den Údarás Rialaithe, faoi na hAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí, ráiteas scríofa bliantúil a sholáthar den mhéid seo a leanas, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt orthu i dtabhairt faoina bhfeidhmeanna oifigiúla mar gheall ar an gcaoi go bhféadfadh an feidhmiú sin difear a dhéanamh do na leasanna sin agus go ndéanfaidís tairbhe shubstainteach a bhronnadh ar a gcéile / a bpáirtí sibhialta / a leanbh, nó a aistarraingt uathu:

- Aon leasanna a d'fhéadfadh a bheith acu (leasanna i scaireanna ina measc);
- Aon leasanna (leasanna i scaireanna ina measc), a bhfuil eolas acu féin orthu, atá ag a gcéile nó a bpáirtí sibhialta, ag a leanbh, nó ag leanbh a gcéile nó a bpáirtí shibhialta;

Coimeádtar clár leasanna ball mar chuid den bhainistiú a dhéantar ar choimhlintí leasa féideartha.

## 10. AN PRÓISEAS IARRATAIS DO BHAILL NUA DEN ÚDARÁS RIALAITHE

Tá léiriú spéise á lorg anois ó dhaoine ar spéis leo go gcuirfear san áireamh iad chun folúntas a líonadh le haghaidh ball seachtrach d'Údarás Rialaithe OMN.

Bhunaigh an tÚdarás Rialaithe Coiste Ainmniúchán chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas chun an ball seachtrach nua den Údarás Rialaithe a roghnú.

Tabharfaidh an Coiste Ainmniúchán aird ar an gceanglas reachtaíochta, is é sin (a) mná a bheidh i líon nach lú ná 40 faoin gcéad de bhaill an Údaráis Rialaithe agus fir a bheidh i líon nach lú ná 40 faoin gcéad díobh, agus (b) léireofar i mballraíocht an Údaráis Rialaithe, tríd is tríd, comhdhéanamh shochaí na hÉireann, daoine a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge acu ina measc. Ní gá do gach ball den Údarás Rialaithe inniúlacht sa Ghaeilge a bheith acu.

D'fhorbair an Coiste Ainmniúchán Creat Scileanna, Taithí agus Inniúlachta ina ndéantar cur síos ar na príomhinniúlachtaí a theastaíonn ón Údarás Rialaithe ina iomláine. Cuirtear an Creat Scileanna, Taithí agus Inniúlachta ar fáil thíos mar Aguisín A. Beidh súil leis go mbeidh ag an Údarás Rialaithe na tréithe a dtugtar cuntas orthu sa Chreat Scileanna, Taithí agus Inniúlachta. **Ní bhítear ag súil leis go mbeidh na tréithe uile ag aon bhall amháin.**

D'fhéadfadh inniúlacht dhomhain i roinnt bheag limistéar a bheith ag roinnt ball. D'fhéadfadh roinnt de na tréithe sa Chreat a bheith ag baill eile. Is é an rud is tábhachtaí go mbíonn an tsraith tréithe a dtugtar cuntas orthu sa Chreat ag an Údarás Rialaithe ina iomláine. Roinntear an Creat ina thréithe a mheastar atá bunriachtanach ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach an Údaráis Rialaithe, agus ina thréithe eile atá inmhianaithe.

Tá léiriú spéise á lorg anois ó dhaoine a shásaíonn na riachtanais seo a leanas:

**Critéir Bhunriachtanacha**

- Cáilíocht fhoirmiúil chuntasaíochta ó chomhlacht gairmiúil agus/nó taithí ar bhainistíocht airgeadais shinsearach le deich mbliana anuas.

- Sárscileanna bainistíochta airgeadais agus buiséadaithe, agus tuiscint dhomhain ar mhéadracht airgeadais mar a bhaineann sí le heagraíochtaí móra casta agus ar thuairisciú airgeadais.
- Taithí ar rialachas corparáideach ar leibhéal bainistíochta sinsearaí in eagraíocht mhór chasta le deich mbliana anuas.

**Critéir Inmhianaithe**

- Taithí ar bhord/choiste boird foirmiúil.
- Saineolas ar Chaidreamh Poiblí agus ar Chumarsáid
- Taithí ar Bhainistíocht Straitéiseach
- Taithí ar bhainistíocht riosca
- Taithí / eolas ar an earnáil ardoideachais.

Caithfidh iarrthóirí ar spéis leo go ndéanfar ball seachtrach díobh den Údarás Rialaithe na tréithe bunriachtanacha thuas a bheith acu agus bheadh sé ina thairbhe dóibh (ach níl sé bunriachtanach) dá mbeidís in ann a léiriú go bhfuil cuid de na critéir inmhianaithe acu.

Ba cheart do dhaoine ar spéis leo Léiriú Spéise a sheoladh ar aghaidh ina bhfuil (i) cur síos ar conas a shásaíonn siad na tréithe ar leith a shainaithnítear thuas (600 focal, ar a mhéid); (ii) míniú gearr ar an bhfáth gur spéis leo an ról faoi leith in Ollscoil Mhá Nuad (400 focal, ar a mhéid), agus (iii) CV gearr ina sonraítear an taithí oibre ábhartha. Ba cheart dóibh siúd ar spéis leo léiriú spéise a sheoladh ar aghaidh a chinntiú go sásaíonn siad na critéir cháilitheachta a dtugtar cuntas orthu thíos.

Caithfear iarratais a sheoladh chuig Rúnaí an Údaráis Rialaithe ag governingauthority@mu.ie. **Is é an dáta deiridh chun Léiriú Spéise a sheoladh ar aghaidh 5pm, Dé hAoine, an 16 Bealtaine 2025**.

Déanfaidh an Coiste Ainmniúchán measúnú ar gach léiriú spéise in aghaidh na dtréithe faoi leith a shainaithnítear sa Chreat Scileanna, Taithí agus Inniúlachta. Sainaithneoidh an Coiste Ainmniúchán an t-iarrthóir is oiriúnaí, bunaithe ar an measúnú a dhéanfaidh siad, agus ar na riachtanais le haghaidh éagsúlachta i measc bhaill an Údaráis Rialaithe.

Féadfaidh an Coiste Ainmniúchán a lorg casadh le hiarrthóirí, nó dul i gcomhairle le moltóirí, mar chuid den phróiseas measúnaithe. Molfaidh an Coiste Ainmniúchán an t-iarrthóir a roghnófar lena c(h)eapadh leis an Údarás Rialaithe.

## 11. FAD AN CHEAPACHÁIN

Is féidir baill an Údaráis Rialaithe nua, seachas an tUachtarán agus ionadaithe Aontas na Mac Léinn, a cheapadh ar feadh tréimhse a fhaide le ceithre bliana, lena cheadú athnuachan rollach a dhéanamh ar an Údarás Rialaithe. Ní íoctar luach saothair leis na poist, ach íoctar as costais chuí i gcomhréir le beartas na hOllscoile.

## 12. CRITÉIR CHÁILITHEACHTA

Caithfidh duine an riachtanas seo a leanas a shásamh chun go gcuirfear san áireamh é/í lena c(h)eapadh mar bhall seachtrach an Údaráis Rialaithe:

(a) Caithfidh iarrthóirí a bheith in ann a thaispeáint go soiléir ina léiriú spéise go bhfuil na tréithe faoi leith acu atá sa Chreat Scileanna, Taithí agus Inniúlachta agus a shainaithnítear i Mír 10 thuas.

(b) Ní cheadaítear d'iarrthóirí iarratas a dhéanamh sna cásanna seo a leanas:

i. Is mac léinn Ollscoil Mhá Nuad iad.
ii. Is fostaí (nó fostaí ar scor) de chuid Ollscoil Mhá Nuad iad.
iii. Is duine iad a n-íoctar luach saothair leo faoi chonradh leis an Ollscoil.
iv. Is ball de Chomhairle Acadúil Ollscoil Mhá Nuad iad.

Is féidir le duine a léiriú spéise a aistarraingt ag aon tráth sula gceapfar na baill sheachtracha trí fhógra scríofa agus sínithe a sheoladh chuig governingauthority@mu.ie ina dtugtar le fios go bhfuil a n-iarratas á aistarraingt acu.

## 13. AN tARDOIDEACHAS IN ÉIRINN

Is é an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) an comhlacht reachtúil pleanála agus forbartha don ardoideachas agus don taighde in Éirinn. Tá cumhachtaí fairsinge comhairleacha ag an HEA ar fud na hearnála oideachais tríú leibhéal. Anuas air sin, is é an t-údarás cistiúcháin don earnáil ardoideachais. I ndiaidh gur achtaíodh Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, tá cumhachtaí rialála nua ag an HEA maidir leis an earnáil ardoideachais.

Leagtar amach in Acht na nOllscoileanna, 1997 (arna leasú) cuspóirí agus feidhmeanna ollscoile, struchtúr agus ról comhlachtaí rialaithe, socruithe soláthair foirne, comhdhéanamh agus ról comhairlí acadúla agus ranna a bhaineann le réadmhaoin, airgeadas agus tuairisciú. Ceanglaítear ar údaráis cheannais ollscoile a chinntiú go bhfuil pleananna agus nósanna imeachta forbartha straitéisí chun an teagasc agus an taighde a mheasúnú i bhfeidhm. Tá ról maoirseachta ag an HEA maidir leis na pleananna agus na nósanna imeachta siúd. Caomhnaítear sa chreat reachtaíochta saoirse acadúil na n-ollscoileanna agus léirítear meas ann ar thraidisiúin éagsúla agus ar neamhspleáchas institiúide gach ollscoile.

Comhlacht ionadaíoch don earnáil ollscoileanna in Éirinn é Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA). Croíbhall den IUA é OMN.

Príomhcháipéis don earnáil ollscoileanna é an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), ina gcuirtear an creat rialála ginearálta ar fáil do OMN. Is féidir teacht air anseo: gov.ie - an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

## 14. COMHIONANNAS AGUS ÉAGSÚLACHT

Léirítear meas in OMN ar an saibhriú a dhéanann pobal éagsúil agus lorgaítear ann an comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna gach duine aonair a

chosaint. Bronnadh Gradam Institiúideach Cré-umha Athena SWAN in 2018 ar OMN mar aitheantas ar ár bpleananna chun an t-athrú i dtreo comhionannas inscne a bhrostú. Ba é OMN an chéad institiúid in Éirinn a chuir an trasnachas san áireamh mar chuid dá iarratas ar Ghradam Athena Swan Ireland, agus an trasnú á chur san áireamh idir inscne, cine agus eitneacht sa neamhionannas. D'aithin an tAontas Eorpach (an AE) OMN mar Sheaimpín Comhionannais Inscne in 2022, agus aithníodh ár bPlean Gníomhaíochta Comhionannais Inscne Ollscoil Mhá Nuad 2023-2026 reatha mar chás-staidéar ar dhea-chleachtas sa tionscadal Inspire - Building Europe's Centre of Excellence on Inclusive Gender Equality in Research & Innovation, a chistigh an AE.

**15. COSAINT SONRAÍ**

Próiseálfaidh OMN aon sonraí pearsanta a sholáthair tú maidir le hiarratas ar an ról seo i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018. Is féidir amharc ar Fhógraí Príobháideachta agus ar Bheartais agus ar Phróisis um Chosaint Sonraí OMN anseo ag Cosaint Sonraí | Ollscoil Mhá Nuad.

**16. EOLAS BREISE**

Chun teacht ar eolas breise ar an bpróiseas iarratais go ndéanfar ball d'Údarás Rialaithe Ollscoil Mhá Nuad díot, déan teagmháil le: An Dr Tony Gaynor, Stiúrthóir Rialachais agus Rúnaí an Údaráis Rialaithe. Ríomhphost: tony.gaynor@mu.ie



**AGUISÍN A: SCILEANNA, TAITHÍ AGUS INNIÚLACHTAÍ A THEASTAÍONN Ó ÚDARÁIS RIALAITHE OLLSCOIL MHÁ NUAD**

Bíonn súil leis go mbíonn na tréithe a dtugtar cuntas orthu sa Chreat Scileanna, Taithí agus Inniúlachta (“an Creat”) ag an Údarás Rialaithe ina iomláine. Ní bheifear ag súil leis go mbeidh na tréithe uile ag aon bhall amháin den Údarás Rialaithe. D’fhéadfadh inniúlacht dhomhain i roinnt bheag limistéar den Chreat a bheith ag roinnt ball den Údarás Rialaithe. D’fhéadfadh roinnt de na tréithe sa Chreat a bheith ag baill eile den Údarás Rialaithe. Is é an rud is tábhachtaí go mbíonn an tsraith tréithe a dtugtar cuntas orthu sa Chreat ag an Údarás Rialaithe ina iomláine.

Roinntear an Creat ina thréithe a mheastar atá bunriachtanach ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach an Údaráis Rialaithe, agus ina thréithe eile atá inmhianaithe, ach nach bhfuil bunriachtanach.

1. **TRÉITHE BUNTÁBHACHTACHA**

**RIALACHAS:**
- Tuiscint agus saineolas ar rialachas corparáideach
- Saineolas ar chúrsaí dlí
- Taithí ar rialáil agus ar chomhlíonadh
- Taithí ar bhainistíocht riosca
- Fianaise i leith rannpháirtíocht éifeachtach i rialachas na hOllscoile ar leibhéil éagsúla

**STRAITÉIS:**
- Taithí ar phleanáil agus ar chur i bhfeidhm straitéiseach ar phleananna straitéiseacha
- Fianaise gur baineadh amach spriocanna straitéiseacha na hOllscoile
- Taithí ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus ar a mbainistiú
- A bheith ábalta cur le tosaíochtaí straitéiseacha Ollscoil Mhá Nuad
- Taithí ar thacú le spriocanna inbhuanaitheachta / comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG)
- Taithí ar ghnóthaí poiblí/mhargaíocht/chaidreamh poiblí/chumarsáid

**TAITHÍ FEIDHMIÚCHÁIN/BAINISTÍOCHTA AGUS EAGRAÍOCHTA:**
- Tabhairt faoi róil an Bhoird (cathaoirleach, stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, stiúrthóir feidhmiúcháin)
- Taithí eagraíochta ar leibhéil bainistíochta sinsearaí ar leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta

**TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE**
- Eolas ar na nithe seo a leanas: Córais TF; Cibearshlándáil; Foghlaim Dhigiteach; Athshlánú ó Thubaiste; Intleacht Shaorga; Teicneolaíocht Bhunathraitheach

**CULTÚR:**
- Eolas ar chultúr na hOllscoile agus ionbhá ina thaobh
- Fianaise go rabhthas tiomanta do phrionsabail Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (EDI)
- Fianaise go bhfuiltear inniúil sa Ghaeilge

**CÚRSAÍ AIRGEADAIS:**

- Taithí ar chuntasaíocht nó ar bhainistíocht airgeadais, buiséid agus rialuithe inmheánacha san áireamh
- Cáilíochtaí agus taithí iniúchta

**TAITHÍ EARNÁLA:**

- Eolas agus taithí san earnáil phoiblí
- Eolas ar an Earnáil Ardoideachais (HE), Ardoideachas Idirnáisiúnta san áireamh
- Taithí ar an earnáil tionsclaíochta agus tráchtála
- Taithí san earnáil chultúrtha agus ealaíonta
- Taithí ar an earnáil Eagraíochtaí Neamhrialtasacha / Neamhbhrabúis / Deonacha

**GLÓR NA MAC LÉINN:**

- Taithí ar ionadaíocht a dhéanamh do ghlór agus d'eispéireas na mac léinn

**TEAGASC AGUS FOGHLAIM:**

- Taithí ar cheannaireacht teagaisc agus foghlama
- Taithí ar Bhainistíocht Cáilíochta san Ardoideachas
- Taithí ar nuálaíocht agus eolas ar threochtaí amach anseo i bhfoghlaim agus i dteagasc san Ardoideachas

**TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT:**

- Cuntas teiste láidir acadúil agus foilseachán
- Taithí ar cheannaireacht taighde
- Eolas ar an tírdhreach cistithe náisiúnta agus idirnáisiúnta taighde

**2. TRÉITHE INMHIANAITHE**

- Taithí ar Acmhainní Daonna
- Taithí ar thiomsú airgid
- Taithí ar thionscadail a bhainistiú
- Taithí ar idirbheartaíocht a stiúradh
- Taithí ar an earnáil spóirt
- Taithí ar fhorbairt réigiúnach
- Fiontraíocht (tráchtálú, maoin intleachtúil, seach-chuideachtaí agus cuideachtaí altrama a bhunú)
- Taithí ar bhainistíocht athruithe
- Taithí ar thionscadail chaipitil a bhainistiú